2025/1592

8.10.2025

CINNEADH (AE, Euratom) 2025/1592 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 7 Bealtaine 2025

maidir le dúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 ([1]),

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2024) 0272 – C10-0067/2024) ([2]),

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2024)0267), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2023 ón gCoimisiún ar Bhainistiú agus ar Fheidhmíocht i ndáil le Buiséad an Aontais (COM(2024)401),

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2023 (COM(2024)0249), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2024)0145),

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023, maille le freagraí na n-institiúidí ([3]), agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([4]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a sholáthair an Chúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir leis an urscaoileadh atá a thabhairt don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05754/2025 – C10-0013/2025),

— ag féachaint don mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2025 maidir leis an urscaoileadh atá a thabhairt do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (05756/2025 – C10-0026/2025),

— ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([5]), agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([6]), agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú ([7]), agus go háirithe Airteagal 14(2) agus (3) de,

— ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

([1]) IO L 58, 23.2.2023, lgh. 1–2053, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2023/1/oj.
([2]) IO C, C/2024/5462, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5462/oj.
([3]) IO C, C/2024/5882, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5882/oj.
([4]) IO C, C/2024/6041, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6041/oj.
([5]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
([6]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
([7]) IO L 11, 16.1.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0074/2025),

1. ag formheas dhúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus chuig na parlaimintí náisiúnta agus chuig institiúidí iniúchóireachta náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tArd-Rúnaí
Alessandro CHIOCCHETTI